Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**15154/19**

**AGRI 622**
**VETER 113**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Na chéad chéimeanna eile chun dul i ngleic le cleachtais chalaoiseacha sa slabhra agraibhia agus iad a dhíspreagadh<br>*– Conclúidí ón gComhairle (16 Nollaig 2019)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite a ghlac an Chomhairle ar an 16 Nollaig 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS NA CHÉAD CHÉIMANNA EILE CHUN DUL I NGLEIC LE CLEACHTAIS CHALAOISEACHA SA SLABHRA AGRAIBHIA AGUS IAD A DHÍSPREAGADH**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(1) MEABHRAÍTEAR DI gur cuspóir foriomlán de chuid bheartais an Aontais é ardleibhéal cosanta a bhaint amach maidir le sláinte, sábháilteacht, cosaint an chomhshaoil agus cosaint an tomhaltóra, mar a bhunaítear in Airteagal 114 agus 168 CFAE.

(2) MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról atá ag an gcomhar i bhforfheidhmiú an dlí chun an choireacht bhia a chomhrac[1].

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS CÚIS IMNÍ DI gur minic rioscaí don tsláinte phoiblí agus/nó caillteanais airgeadais do thomhaltóirí agus/nó d'oibreoirí an toradh a bhíonn ar chleachtais chalaoiseacha sa slabhra agraibhia (an chalaois bia). Toradh eile go bhféadfadh daoine muinín a chailliúint sna húdaráis inniúla agus sa slabhra agraibhia i gcoitinne. Dá bharr sin, cuireann calaois bia sábháilteacht bia agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh i mbaol, agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar suntasach aici ar shláinte an phobail, ar chosaint tomhaltóirí agus ar thrádáil dhlisteanach. Meastar gur thart ar EUR 30 billiún in aghaidh na bliana an costas a bhaineann le cleachtais chalaoiseacha do thionscal bia an domhain.

(4) MEABHRAÍTEAR DI gur feiniméan sóisialta forleathan iad na cleachtais chalaoiseacha, ós rud é go bhfuil siad nasctha go minic le cineálacha eile coireachta, amhail sáruithe ar chearta oibrithe, an chalaois chánach, coireacht chomhshaoil, gáinneáil ar dhrugaí agus sciúradh airgid. D'fhéadfadh siad a bheith mar chuid den choireacht eagraithe freisin.

[1] 15908/14

(5) AONTAÍONN SÍ leis an gCoimisiún gur dúshlán é tomhaltóirí agus an earnáil agraibhia a chosaint i gcoinne cleachtais chalaoiseacha arna ndéanamh ag cuideachtaí neamhscrupallacha, agus nach mór dlús a chur leis an gcomhar trasteorann idir údaráis inniúla ábhartha, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht dar teideal *The Single Market in a changing world - A unique asset in need of renewed political commitment* [An Margadh Aonair i ndomhan atá ag athrú – Sócmhainn uathúil a bhfuil tiomantas polaitiúil athnuaite de dhíth uirthi][2].

(6) CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfidh aon ghníomh a dhéanfar le dul i ngleic leis an gcalaois bia, a bheith bunaithe ar mhalartú tapa éifeachtach na faisnéise ábhartha, ar thuairisciú iomchuí agus ar dhlúthchomhar agus comhordú idir údaráis na mBallstát agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún, má tá le héirí leis.

(7) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach féidir aon dul chun cinn a dhéanamh gan comhar idir na húdaráis rialaithe bia agus beatha ar fud fad an tslabhra agraibhia, ach nach leor sin ann féin chun an chalaois bia a chomhrac. I gcás inar gá, ba cheart do na húdaráis atá rannpháirteach sa chomhrac i gcoinne na coireachta eacnamaíche a bheith páirteach sa chomhar sin, .i. na húdaráis chánach, chustaim, phóilíneachta agus ionchúisimh chomh maith le húdaráis eile forfheidhmithe dlí agus comhlachtaí amhail iad siúd atá freagrach as sláinte agus sábháilteacht ag an obair.

(8) IS DÍOL SÁSAIMH DI na bearta éagsúla atá glactha ag an gCoimisiún cheana féin maidir le calaois bia ó bhí scannal na feola capaill ann in 2013. Áirítear orthu sin, go háirithe, bunú Líonra an Aontais um Chalaois Bia agus an Córas um Chúnamh agus Comhar Riaracháin, lena bhféadfar faisnéis a mhalartú go tapa maidir le calaois trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ann, an Lárionad Comhpháirteach Taighde a ainmniú mar an Ionad Eolais um Calaois Bia, agus na feabhsuithe i réimse an mhalartaithe sonraí le linn chás na fiprinile in 2017 agus ina dhiaidh sin.

(9) IS DÍOL SÁSAIMH DI an plé a rinneadh sa Líonra um Chalaois Bia in Aibreán 2019 maidir leis na dúshláin a tharraing an Coimisiún aníos i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne na calaoise bia, agus rannpháirtíocht an Choimisiúin agus na mBallstát i dtionscnamh comhpháirteach Europol/Interpol, TUGANN SÍ DÁ hAIRE oibríochtaí OPSON chun díriú ar gháinneáil ar bhia agus deochanna bréige agus ar bhia agus deochanna fochaighdeánacha, agus torthaí oibríocht OPSON VIII[3], ar chuir Líonra an Aontais um Chalaois Bia léi, a ceapadh chun calaois san earnáil orgánach a bhrath.

---

[2] 14633/18 + ADD1

[3] https://www.europol.europa.eu/newsroom/news/over-€100-million-worth-of-fake-food-and-drinks-seized-in-latest-europol-interpol-operation

(10) AITHNÍONN SÍ gur leor an creat dlíthiúil reatha ar leibhéal an Aontais, i gcoitinne, chun calaois bia a chomhrac agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, go háirithe, a thábhachtaí atá na hionstraimí nua dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/625 maidir le rialuithe oifigiúla, chun calaois bia a chomhrac i réimse na tréidliachta agus na sábháilteachta bia[4], agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil dúshláin fós ann, amhail an gá atá le saineolas ar leith agus cur chuige idirnáisiúnta i ndáil le forfheidhmiú na rialuithe ar dhíolacháin idirlín.

(11) TUGANN SÍ DÁ hAIRE in ainneoin na mbeart a glacadh cheana, gur gá freisin bealaí a modhanna a aimsiú chun calaois bia a chomhrac agus a dhíspreagadh ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais araon.

IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh

(12) a áirithiú, ina réimsí inniúlachta faoi seach, go gcuirfear reachtaíocht ábhartha an Aontais chun feidhme ina hiomláine, go háirithe an Rialachán maidir le rialuithe oifigiúla agus an "Treoir maidir le Sceithrí" a glacadh le déanaí5;

(13) feabhas a chur ar an gcomhthuiscint ar na critéir chun calaois bia a chinneadh agus leanúint dá n-iarrachtaí sainmhíniú dlíthiúil ar chalaois bia a bhunú ar leibhéal an Aontais;

(14) an comhar idir na húdaráis inniúla a chumasú, a chur chun cinn agus a neartú ar an leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta;

(15) na córais agus na cleachtais atá ann cheana chun faisnéis a mhalartú maidir le cásanna trasteorann calaoise bia a d'fhéadfadh a bheith ann a neartú;

(16) freagrachtaí dlíthiúla na n-oibreoirí gnó agraibhia i ndáil le calaois bia a shoiléiriú agus uirlisí níos éifeachtaí a fhorbairt chun oibreoirí gnó agraibhia a spreagadh chun na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoi chásanna calaoise bia a bhfuiltear in amhras fúthu agus/nó a bhraitear, gan ualach riaracháin iomarcach a chruthú;

---

[4] IO L 95, 7.4.2017, lch. 1
[5] Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais, PE-CONS 78/19 (IO L 305, 26 11 2019)

(17) feasacht tomhaltóirí a chur chun cinn maidir leis na dúshláin a bhaineann le díolacháin idirlín.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh

(18) a n-inniúlachtaí a neartú maidir le calaois bia a chosc agus a imscrúdú agus maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn a bhrath ar bhealach éifeachtach;

(19) acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun calaois bia a chosc agus a imscrúdú;

(20) a áirithiú go gceadaítear, leis an reachtaíocht náisiúnta, comhar réamhghníomhach idir na húdaráis inniúla agus go mbeidh na pionóis i gcásanna calaoise bia sách dian chun an choireacht a dhíspreagadh, agus comhroinnt dea-chleachtas idir na húdaráis inniúla a chur chun cinn (e.g. trí bhíthin meabhrán tuisceana);

(21) tacú le hoibreoirí gnó agraibhia agus iad a threorú i bhforbairt a gcóras bainistithe sábháilteachta bia agus rialaithe cáilíochta d'fhonn calaois bia a bhrath agus a chomhrac, *chomh maith le* fadhbanna sábháilteachta agus cáilíochta bia.

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh

(22) leithdháileadh acmhainní leordhóthanacha a áirithiú le haghaidh na ngníomhaíochtaí comhordaithe riachtanacha a bhaineann le calaois bia agus anailís a dhéanamh ar struchtúir imscrúdaithe agus faireacháin reatha an Aontais i ndáil le calaois bia, chun a mheas an gá a sainordú a nuashonrú nó na hoibríochtaí a atheagrú ar mhaithe le gníomhaíochtaí comhordaithe a dhéanamh i ndáil le calaois bia ar leibhéal an Aontais, agus aird á tabhairt gurb é an Ballstát atá freagrach as an ngníomhaíocht phríomhúil;

(23) leanúint leis an oiliúint i ndáil leis an gcalaois bia a chomhrac tríd an gclár dar teideal *Better Training for Safer Food* [Oiliúint níos fearr le haghaidh bia níos sábháilte] agus an oiliúint sin a leathnú agus, go háirithe, é a chur ar chumas na n-údarás ábhartha uile atá rannpháirteach sa chomhrac i gcoinne na calaoise bia a bheith rannpháirteach inti;

(24) a áirithiú go mbunófar ionaid thagartha de chuid an Aontais le haghaidh bharantúlacht agus shláine an tslabhra agraibhia i gcomhréir leis an Rialachán maidir le rialuithe oifigiúla;

(25) leanúint leis na pleananna rialaithe comhordaithe chun calaois bia a bhrath agus a imscrúdú;

(26) feabhas a chur ar an gcumarsáid idir córais faisnéise amhail an Córas Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF) agus an Córas um Chúnamh agus Comhar Riaracháin tríd an gcóras bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla (CBFRO) a chur chun feidhme go héifeachtach, agus scrúdú a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm maidir leis an gcomhrac i gcoinne calaois bia, agus aird chuí á tabhairt ar an rúndacht is gá in imeachtaí breithiúnacha;

(27) féachaint an bhféadfaí faisnéis ó oibreoirí agraibhia, nó faisnéis arna soláthar acu, a chur san áireamh ar bhealach níos fearr i ngníomhaíochtaí an Líonra um Chalaois Bia;

(28) ról comhairleach agus comhordaithe an Choimisiúin maidir le rialuithe díolacháin idirlín a fhorfheidhmiú a fhiosrú;

(29) measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis na rialacha agus an treoir maidir le hinrianaitheacht a neartú, e.g. an gá atá le ceanglais níos déine maidir le doiciméadú inrianaitheachta;

(30) leanúint de straitéis chomhtháite a fhorbairt chun an chalaois bia a chomhrac.